Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Márta 2023**
**(OR. en)**

**8026/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0092(NLE)**

**MAR 48**
**OMI 28**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 181 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 107ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994), ar Chód HSC 2000, ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Longa a Oibríonn in Uiscí Polacha (An Cód Polach), ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (STCW) agus ar an gCód um Fhearais Tarrthála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 181 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 181 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2023
COM(2023) 181 final

2023/0092 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 107ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994), ar Chód HSC 2000, ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Longa a Oibríonn in Uiscí Polacha (An Cód Polach), ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (STCW) agus ar an gCód um Fhearais Tarrthála**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 107ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (MSC 107), atá le bheith ar siúl ón 31 Bealtaine go dtí an 9 Meitheamh 2023.

Le linn MSC 106, beartaíodh go nglacfadh MSC 107 na leasuithe seo a leanas:

(1) ar chaibidil II-2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974 agus ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994) agus Cód HSC 2000;

(2) ar caibidil XIV den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, agus ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Longa a Oibríonn in Uiscí Polacha (An Cód Polach);

(3) an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (STCW) agus a Chód;

(4) agus an Cód Idirnáisiúnta um Fhearais Tarrthála

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idir-Rialtasacha

Is leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idir-Rialtasacha a bhunaítear an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO). Is é is cuspóir do IMO fóram a chur ar fáil le haghaidh comhar i réimse na rialála agus na gcleachtas a bhaineann le hábhair theicniúla de gach cineál a dhéanann difear do loingeas atá ag gabháil do thrádáil idirnáisiúnta. Thairis sin, tá sé d’aidhm aici glacadh ginearálta na gcaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le héifeachtúlacht na loingseoireachta agus le cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, agus leis sin an cothrom iomaíochta a chur chun cinn. Bíonn sí ag plé freisin leis na hábhair riaracháin agus dlí a bhaineann leis an méid sin.

Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (‘SOLAS’), 1974, a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 1980. Níl an tAontas ina pháirtí i gCoinbhinsiún SOLAS.

### 2.2. An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí ó longa a chosc. Is é IMO an t-údarás domhanda ó thaobh caighdeáin a leagan síos maidir le sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht chomhshaoil an loingis idirnáisiúnta. Is é an príomhról atá aige creat rialála cóir éifeachtach a chruthú le haghaidh an tionscail loingis, creat a ghlacfar go huilíoch agus a chuirfear chun feidhme go huilíoch.

Is féidir le gach Stát a bheith ina chomhalta de IMO agus tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de IMO. An Socrú le haghaidh Comhoibriú agus Comhar a tugadh i gcrích idir an

Eagraíocht Chomhairleach Mhuirí Idir-rialtasach (IMCO) agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach in 1974, is air go háirithe atá caidreamh an Aontais le IMO bunaithe.

Tá Comhaltaí uile IMO ar Choiste Muir-Shábháilteachta IMO agus bíonn cruinniú aige uair amháin sa bhliain ar a laghad. Pléann sé le haon ábhar atá faoi raon feidhme na hEagraíochta a bhaineann le háiseanna loingseoireachta, déanmhas agus trealamh soithí, saincheisteanna maidir leis an bhfoireannú a mhéid a bhaineann leis an tsábháilteacht, rialacha chun imbhuailtí a chosc, láimhseáil lastaí contúirteacha, nósanna imeachta agus ceanglais i ndáil leis an tsábháilteacht mhuirí, faisnéis hidreagrafach, logleabhair agus taifid loingseoireachta, imscrúdú ar thaismigh mhuirí, tarrthálas agus tarrtháil, agus aon ábhar eile a dhéanann difear díreach don tsábháilteacht mhuirí.

Tá comhaltaí uile IMO ar Choiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí freisin agus bíonn cruinniú aige sin uair amháin sa bhliain ar a laghad. Tugann sé aghaidh ar shaincheisteanna comhshaoil atá faoi raon feidhme na hEagraíochta a mhéid a bhaineann le rialú agus cosc truaillithe ó longa a chumhdaítear faoi choinbhinsiún MARPOL, lena n-áirítear truailliú ó ola, ó cheimiceáin a iompraítear i mbulc, ó shéarachas, ó dhramhaíl agus ó astaíochtaí ó longa isteach san aer, lena n-áirítear truailleáin aeir agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Ar na hábhair eile a chumhdaítear tá bainistíocht uisce ballasta, córais frithsmálaithe, athchúrsáil long, ullmhacht agus freagairt i dtaca le truailliú, agus aithint limistéar speisialta agus limistéar farraige lena mbaineann íogaireacht ar leith.

Soláthraíonn Coiste Muir-Shábháilteachta IMO agus Coiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí an t-innealra chun aon dualgas a shanntar dóibh faoi Choinbhinsiún IMO, faoi Chomhthionól IMO nó faoi Chomhairle IMO a chur i gcrích, nó aon dualgas faoin raon feidhme thuasluaite a d'fhéadfaí a shannadh dóibh le haon ionstraim idirnáisiúnta eile nó faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a bhféadfadh IMO glacadh leis. Is trí thromlach na gComhaltaí a ghlactar cinntí an Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí agus an Choiste Muir-Shábháilteachta, maille le cinntí a bhfochomhlachtaí.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coiste Muir-Shábháilteachta IMO

Le linn a sheisiúin ón 31 Bealtaine go dtí an 9 Meitheamh 2023, tá MSC 107 le leasuithe a ghlacadh ar SOLAS, caibidil II-2 agus ar Cóid HSC 1994 agus 2000 HSC maidir leis an toirmeasc ar aigéad sulfónach sárfhluarochtain, ar SOLAS, caibidil XIV agus ar an gCód Polach maidir le sábháilteacht soithí iascaireachta, ar an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe agus ar an gCód maidir le deimhnithe leictreonacha a úsáid, agus ar an gCód um Fhearais Tarrthála maidir le caighdeáin aerála i mbáid tarrthála atá go hiomlán dúnta.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar SOLAS, Caibidil II-2, agus ar Chóid HSC 1994 agus 2000 toirmeasc a chur ar chúir comhraic dóiteáin ina bhfuil aigéad sulfónach sárfhluarochtáin a úsáid i gcomhrac dóiteáin muirí.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar SOLAS, Caibidil XIV agus ar an gCód Polach feabhas a chur ar chaighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa nach longa SOLAS iad agus a oibrítear in uiscí Polacha.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe agus a Chód úsáid na ndeimhnithe leictreonacha maraithe a thabhairt isteach chun an obair a éascú, laghdú a chur ar an ualach riaracháin le haghaidh chórais riaracháin an Stáit brataí, oifigigh rialaithe Stáit ar chalafoirt agus maraithe agus chun go mbeifear in ann deimhnithe calaoiseacha a shainaithint níos tapa.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála feabhas a chur ar ceanglais sábháilteachta maidir le caighdeáin aerála i mbáid tarrthála atá go hiomlán dúnta.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Leasuithe ar chaibidil II-2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974 agus ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994) agus Cód HSC 2000

D'fhormheas MSC 101 aschur nua chun úsáid an aigéid shulfónaigh sárfhluarochtáin a thoirmeasc i gcórais múchta dóiteáin nua, rud ar thacaigh an tAontas leis. Chuir MSC 101 é le clár oibre iarbhliantúil an Fhochoiste um Chórais agus Trealamh ar Longa (CTL).

Le linn CTL 7, aontaíodh ar leathnú a chur ar raon feidhme an aschuir maidir le 'Forálacha a fhorbairt chun úsáid na gcúr comhraic dóiteáin ina bhfuil aigéad sulfónach sárfhluarochtáin a thoirmeasc le haghaidh comhrac dóiteáin ar bord loinge' chun go n-áireofar rialacháin eile de chuid SOLAS, caibidil II-2, agus ionstraimí eile d'fhonn a bhformheasta le linn MSC 102. Thacaigh an tAontas leis an aschur nua sin a chur le clár oibre Fhochoiste 8 um Chórais agus Trealamh ar Longa.

Le linn MSC 102 aontaíodh ar raon feidhme an aschuir a leathnú agus ar é a chur le clár oibre CTL 8, rud ar thacaigh an tAontas leis.

Le linn CTL 8 aontaíodh ar na dréachtleasuithe ar SOLAS, caibidil II-2, agus ar Chóid HSC 1994 agus 2000 maidir leis an toirmeasc ar aigéad sulfónach sárfhluarochtáin. Le linn CTL 8, ba é seasamh an Aontais tacú leis na dréachtleasuithe atá beartaithe le haghaidh SOLAS, CAIBIDIL II-2, agus leis na leasuithe ar Chóid HSC 1994 agus 2000 agus moladh go ndéanfaí iad a tharchur chuig meitheal chun bailchríoch a chur ar na leasuithe ar SOLAR agus ar Chóid HSC.

D'fhormheas MSC 106 dréachtleasuithe ar chaibidil II-2 SOLAS agus ar Chóid HSC 1994 agus 2000 (mír 11.29 de thuarascáil MSC 106 (MSC 106/19), d'fhonn iad a ghlacadh le linn MSC 107.

Le linn MSC 106, ba é seasamh an Aontais tacú le formheas na ndréachtleasuithe ar chaibidil II-2 SOLAS agus ar Chóid HSC 1994 agus 2000.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin, ós rud é gur substaint é aigéad sulfónach sárfhluarochtáin atá díobhálach do shláinte an duine agus don mhuirthimpeallacht araon agus ós rud é go gcuirfear toirmeasc leis na leasuithe sin ar chúir comhraic dóiteáin ina bhfuil aigéad sulfónach sárfhluarochtáin a úsáid i gcomhrac dóiteáin muirí.

### 3.2. Leasuithe ar Chaibidil XIV den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, agus ar an gCód Polach

Le linn MSC 100 moladh leasuithe ar chaibidil XIV SOLAS chun cur i bhfeidhm éigeantach forálacha áirithe maidir le soithí iascaireachta a éascú. Ina theannta sin, rinneadh breithniú ar mhodheolaíochtaí áirithe lena gcinntear cumais oibríochta loinge faoi dhálaí oighir a dhéanamh éigeantach mar ghné riachtanach de phleanáil turais (An Cód Polach, caibidil 11), agus dearbhaíonn MCS 100 gur féidir cás a dhéanamh ar son é a dhéanamh éigeantach go n-iomprófaí an Lámhleabhar Oibriúcháin in Uisce Polach chuid an Chóid Pholaigh nó eilimintí de.

Le linn MSC 100, ba é seasamh an Aontais tacaíocht a thabhairt, i dtéarmaí soithigh iascaireachta, do MSC 100 i ndáil le scrúdú breise a dhéanamh ar leasuithe an togra ar SOLAS, caibidil XIV, agus ar an gCód Polach.

Le linn MSC 101, rinne an Coiste breithniú ar fhorálacha an Chóid Polaigh a leathnú chuig longa nach longa SOLAS iad agus ar thogra maidir le dréachtrún ón gComhthionól lena n-iarrtar ar na Ballstáit céimeanna a thabhairt, ar bhonn deonach, chun bearta sábháilteachta an Chóid Polaigh a chur chun feidhme maidir le longa nach longa SOLAS iad.

Ina dhiaidh sin le linn MSC 101 rinneadh formheas ar an dréachtrún ón Tionól maidir le bearta eatramhacha sábháilteachta le haghaidh do longa nach bhfuil deimhnithe faoi Choinbhinsiún SOLAS agus a oibrítear in Uiscí Polacha, agus rinneadh cinneadh an tsaincheist a chur faoi bhráid LCCT 7 le breithniú a dhéanamh ar na hiarmhairtí agus ar an indéantacht a bhaineann le caibidil 9 agus caibidil 11 den Chód Polach a chur i bhfeidhm maidir le longa nach longa nach longa SOLAS iad agus chun a chinneadh conas is fearr a d'fhéadfaí feabhas a chur ar shábháilteacht long nach longa SOLAS iad, lena n-áirítear leasuithe a d'fhéadfaí a fhorbairt ar SOLAS agus/nó ar an gCód Polach.

Le linn MSC 101, ba é seasamh an Aontais

1. tacú i bprionsabal leis an togra chun an tsaincheist seo a tharchur chuig an bhFochoiste um Loingseoireacht, Cumarsáid agus Cuardach agus Tarrtháil lena bhreithniú tuilleadh;

2. tacaíocht a thabhairt, ó thaobh soithí iascaireachta de, do dhréachtrún ón Tionól a fhorbairt.

Le linn an 7ú cruinniú den Fhochoiste um Loingseoireacht, Cumarsáid agus Cuardach agus Tarrtháil (LCCT), chomhaontaigh an Fochoiste Grúpa Comhfhreagrais a bhunú faoi chomhordú na Nua-Shéalainne.

Le linn LCCT 7, ba é seasamh an Aontais tacú i gcoitinne leis an togra chun tús a chur le breithniú ar shaincheisteanna teicniúla maidir leis an indéantacht agus na hiarmhairtí a bhaineann le caibidlí 9 agus 11 den Chód Polach a chur i bhfeidhm maidir le longa nach longa SOLAS iad.

Le linn LCCT 8, chomhaontaigh an Fochoiste:

(1) gur cheart na leasuithe ar an gCód Polach atá le forbairt a theorannú do na codanna I-A agus I-B atá ann cheana, maille le leasuithe iarmhartacha a d'fhéadfaí a dhéanamh iarmhartach i gcuid an Réamhrá;

(2) gur cheart raon feidhme chur i bhfeidhm na rialachán ábhartha atá le forbairt i gcuid I-A den Chód Polach a leathnú, ar a laghad, chuig gach turas a dhéantar in uiscí polacha i gcás soithí iascaireachta 24 mhéadar ar fhad nó níos faide, luaimh áineasa 300 olltonnáiste agus níos troime nach mbíonn ag gabháil do thrádáil, agus longa lasta 300 olltonnáiste agus níos troime ach nach troime ná 500 olltonnáiste; agus

(3) gur cheart dréachtleasuithe ar SOLAS, Caibidil XIV, a fhorbairt chun cur i bhfeidhm an Chóid Polaigh a leathnú chuig báid eile agus chun aghaidh a thabhairt ar dhíolúintí agus discréidí.

Chun an tsaincheist sin a chur chun cinn tuilleadh chomhaontaigh an Fochoiste ar deireadh an Grúpa Comhfhreagrais maidir le Bearta Sábháilteachta le haghaidh Longa nach longa SOLAS iad agus a oibrítear in Uiscí Polacha a athbhunú.

Le linn LCCT 8, ba é seasamh an Aontais tacú le hathbhunú an Ghrúpa Comhfhreagrais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar théacs Chaibidlí 9 agus 11, chomh maith le dréacht-téacs a fhorbairt le haghaidh leasú ar Choinbhinsiún SOLAS, go háirithe le haghaidh soithí iascaireachta agus árthaí áineasa;

Le linn LCCT 9, ba é seasamh an Aontais, a mhéid a bhaineann le soithí iascaireachta agus árthaí áineasa, tacú le dréachtleasuithe ar SOLAS, Caibidil XIV, chomh maith leis na dréachtleasuithe ar chodanna I-A agus 1-B den Chód Polach.

Le linn MCS 106, d'fhormheas an Coiste na leasuithe atá beartaithe ar SOLAS, Caibidil XIV agus ar an gCód Polach (mír 13.9 den tuarascáil ó MSC 106 (MSC 106/19)), d'fhonn go nglacfaidh MSC 107 iad agus go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026.

Le linn MSC 106, ba é seasamh an Aontais tacú le dréachtleasuithe ar SOLAS, Caibidil XIV, chomh maith leis na dréachtleasuithe ar chodanna I-A agus 1-B den Chód Polach

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin ó tharla go gcuirfear feabhas leo ar chaighdeáin sábháilteachta i gcomhair longa nach longa SOLAS iad agus a oibrítear in uiscí Polacha.

**3.3. Leasuithe ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (STCW) agus ar a Chód**

Le linn a $5^{ú}$ cruinniú rinne an Fhochoiste um an nGné Dhaonna, um Oiliúint agus um Fhaire (GDOF) breithniú ar thogra a mholadh maidir le dréacht-léirmhíniú aontaithe ar Rialachán I/2 STCW lena mbeartaítear soiléiriú a thabhairt ar bhrí an téarma 'an bhunfhoirm' le haghaidh deimhnithe maraithe i bhfianaise na féidearthachta go n-úsáidfí deimhnithe digiteacha chun críocha Choinbhinsiún STCW mar is nós cheana i gcás Coinbhinsiúin eile. Is amhlaidh atá IMO tar éis Treoirlínte a fhorbairt cheana maidir le deimhnithe leictreonacha a úsáid (FAL.5/Circ.39/Rev.2). Le linn GDOF 5, áfach, bhí tuairimí éagsúla ann i dtaobh an gceadaítear deimhniú leictreonach STCW cheana leis na Treoirlínte deireanacha.

Ba é seasamh an Aontais le linn GDOF 5 tacú leis an togra chun brí an téarma 'an bhunfhoirm' a shoiléiriú (Rialachán I/2 de Choinbhinsiún STCW) chun aithint deimhnithe i bhfoirm leictreonach a cheadú.

Le linn a $100^{ú}$ cruinniú, chomhaontaigh an Coiste Muir-Shábháilteachta (MSC) go n-áireofar ar chlár oibre débhliantúil Fhochoiste GDOF agus ar chlár oibre sealadach GDOF 6 aschur maidir le 'Leasuithe a fhorbairt ar Choinbhinsiún STCW agus ar a Chód maidir le húsáid deimhnithe leictreonacha agus doiciméad leictreonach de chuid maraithe' agus socraíodh 2020 mar spriocbhliain chríochnaithe, i gcomhar le Fochoiste III mar a iarrann agus nuair a iarrann Fochoiste GDOF é. Ina theannta sin chomhaontaigh MSC 100 Coiste FAL a chur ar an eolas maidir leis an aschur nua ó tharla go ndearna Coiste FAL na Treoirlínte maidir le húsáid deimhnithe leictreonacha a fhormheas (FAL.5/Circ.39/Rev.2).

Le linn MSC 100, ba é seasamh an Aontais tacú leis an togra le haghaidh aschur nua chun aghaidh a thabhairt ar úsáid deimhnithe leictreonacha de bhun Choinbhinsiún STCW agus a Chóid.

Thug GDOF 6 dá aire gurbh é an bealach is fearr chun tosaigh tús a chur leis an bplé ar an gceist seo i ngrúpa comhfhreagrais. Ba é seasamh an Aontais ag GDOF 6 tacú le grúpa comhfhreagrais a bhunú.

Tar éis dó an tuarascáil ón nGrúpa Comhfhreagrais a phlé, d'aithin GDOF 7 go raibh gá le tuilleadh oibre maidir le leasú a dhéanamh ar rialacháin ábhartha de Choinbhinsiún STCW, ar fhorálacha de chuid chodanna A agus B de Chód STCW agus maidir le dréacht-treoirlínte a fhorbairt. Dá bhrí sin, d'athbhunaigh sé an Grúpa Comhfhreagrais.

Ba é seasamh an Aontais le linn GDOF 7 tacú go ginearálta le hobair an Ghrúpa Comhfhreagrais agus moladh a dhéanamh go dtarchuirfear an tuarascáil chuig meitheal atá le bunú le linn GDOF 8 chun bailchríoch a chur ar na dréachtleasuithe ar STCW agus ar na dréacht-Treoirlínte.

thug GDOF 8 dá aire an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an nGrúpa Comhfhreagrais maidir le forbairt na ndréachtleasuithe ar Choinbhinsiún STCW agus ar a Chód maidir le

húsáid deimhnithe leictreonacha de chuid maraithe agus maidir le forbairt na ndréacht-treoirlínte maidir le húsáid deimhnithe leictreonacha de chuid maraithe agus forbairt dhréacht-chiorclán STCW.7 gaolmhar. Thacaigh an tAontas le hobair an Ghrúpa Comhfhreagrais agus mhol sé go dtarchuirfear an tuarascáil chuig meitheal.

Le linn MSC 106 formheasadh dréachtleasuithe ar rialacháin I/1 agus I/2 de Choinbhinsiún STCW agus ar roinn A-I/2 de Chód STCW (míreanna 10.4 agus 10.5 den tuarascáil ó MSC 106 (MSC 106/19)), d'fhonn iad a ghlacadh le linn MSC 107.

Le linn MSC 106, ba é seasamh an Aontais tacú le formheas dréachtleasuithe ar rialacháin I/1 agus I/2 de STCW, agus ar roinn A-I/2 de Chód STCW a bhaineann le húsáid deimhnithe leictreonacha.

Ba cheart gurbh é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin ó tharla go n-éascófaí leo an obair a dhéanann córais riaracháin an Stáit brataí, oifigigh rialaithe Stáit ar chalafoirt agus maraithe agus go gcuirfí laghdú leis na leasuithe sin ar an ualach riaracháin a bhíonn orthu. D'fhéadfadh sé go mbeifí in ann deimhnithe calaoiseacha a shainaithint níos tapa mar gheall orthu freisin.

### 3.4. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearais Tarrthála

Le linn a 97ú cruinniú, bhunaigh an Coiste Muir-Shábháilteachta (MSC) aschur nua maidir le ceanglais um aeráil bád tarrthála atá go hiomlán dúnta, rud lenar thacaigh an tAontas.

Le linn a 4ú cruinniú, bhunaigh an Fochoiste um Chórais agus Trealamh ar Longa (CTL) an Grúpa Comhfhreagrais um Fhearais Tarrthála, faoi chomhordú na Stát Aontaithe, chun na sonraí is gá a bhailiú, chun sainaithint a dhéanamh ar na critéir fhéideartha ar cheart na ceanglais nua aerála a bhunú orthu, agus chun na critéir a mholadh a bheidh le húsáid le haghaidh na ndréachtleasuithe ar mhír 4.6.6.1 de Caibidil IV den Chód um Fhearais Tarrthála, agus dréachtleasuithe ar rún MSC.81(70).

Le linn CTL 4, ba é seasamh an Aontais tacú i bprionsabal le tuilleadh plé laistigh de mheitheal ar na dréachtleasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála agus ar Rún MSC.81 (70).

Le linn a 5ú cruinniú, chomhaontaigh CTL ar an méid seo a leanas:

1. i gcás báid tarrthála atá go hiomlán dúnta, ba cheart gurb é an ráta aerála/an ráta malairte aeir arna bhunú ar pharaiméadair mhicrea-aeráide an critéar a leagtar amach sna dréachtleasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála gan modhanna aerála atá gníomhach nó éighníomhach a chur as an áireamh;

2. níor cheart gur mhó ná 5 000 ppm an tiúchan CO2, lena gceanglaítear ráta aerála 5 m3/h ar a laghad in aghaidh an duine, agus ba cheart feidhm ag na ceanglais aerála nua maidir le gach bád tarrthála nuathógtha atá go hiomlán dúnta agus a shuiteáiltear ar bord loinge tar éis dháta theacht i bhfeidhm na gceanglas; agus

3. ba cheart timpeallacht ináitrithe a choinneáil ar feadh tréimhse ama nach giorra ná 24 uair an chloig i gcás báid tarrthála, go ginearálta, cé go bhféadfadh tréimhse níos faide a bheith ag teastáil le haghaidh árthaí marthanais na soithí a oibrítear in uiscí polacha.

Ar deireadh, le linn CTL 5 comhaontaíodh ar na dréachtleasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála maidir le báid tarrthála atá go hiomlán dúnta, agus ar iad a chur faoi bhráid MSC ar deireadh lena bhformheas nuair a bheidh bailchríoch ar na leasuithe gaolmhara ar an gCód um Fhearais Tarrthála maidir le haeráil ar árthaí marthanais seachas báid tarrthála atá go hiomlán dúnta. Cuireadh na leasuithe deireanacha sin faoi bhráid grúpa comhfhreagrais lena mbreithniú a thuilleadh.

Le linn CTL 5, ba é seasamh an Aontais tacú le tuilleadh plé laistigh de mheitheal ar na dréachtleasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála agus ar Rún MSC.81 (70).

Mar gheall ar shrianta ama, le linn CTL 6 bunaíodh grúpa comhfhreagrais d'fhonn bailchríoch a chur orthu le linn CTL 7. Cuireadh síneadh go dtí 2021 ar an spriocdháta críochnaithe.

Le linn CTL 7 comhaontaíodh ar na leasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála maidir le haeráil ar árthaí marthanais seachas báid tarrthála atá go hiomlán dúnta. A mhéid a bhaineann le rún MSC.81(70), le linn CTL 7 comhaontaíodh ar na dréachtleasuithe i ndáil le míreanna 6.10 (Tástáil oibriúcháin báid tarrthála) agus 6.14 (Tástálacha breise i gcomhair báid tarrthála atá go hiomlán dúnta). Dá bhrí sin, d'athbhunaigh an Fochoiste an Grúpa Comhfhreagrais um Fhearais Tarrthála chun bailchríoch a chur ar na dréachtleasuithe ar an Moladh Athbhreithnithe maidir le tástáil fearas tarrthála (rún MSC.81(70)) le haghaidh tástáil a dhéanamh ar na modhanna aerála i gcomhair báid tarrthála atá dúnta go páirteach.

Le linn CTL 7, ba é seasamh an Aontais tacú le tuilleadh plé laistigh den mheitheal um Fhearais Tarrthála ar na dréachtleasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála agus ar Rún MSC.81 (70).

Le linn CTL 8, comhaontaíodh ar na nithe seo a leanas:
1. dréachtrún MSC maidir le Leasuithe an Cód Idirnáisiúnta um Fhearais Tarrthála (i ndáil le ceanglais aerála i gcomhair árthaí marthanais i gCaibidil IV), lena n-áirítear an fhoráil cur i bhfeidhm agus an dréachtrún MSC gaolmhar;
2. na dréachtleasuithe ar an Moladh Athbhreithnithe (rún MSC.81(70)) atá le glacadh le linn MSC 107, i gcomhar le glacadh na leasuithe gaolmhara ar an gCód um Fhearais Tarrthála (féach mír 3.21), mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2.

Le linn CTL 8, thacaigh an tAontas le tuilleadh plé laistigh den mheitheal um Fhearais Tarrthála ar na dréachtleasuithe ar Rún MSC.81 (70) d'fhonn bailchríoch a chur orthu le linn an tseisiúin sin chun go mbeidh na dréachtleasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála agus ar Rún MSC.81(70) teacht i bhfeidhm mar phacáiste an 1 Eanáir 2026;

Le linn MSC 106 formheasadh na dréachtleasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála i gcomhair báid tarrthála atá go hiomlán dúnta agus ar an Moladh Athbhreithnithe maidir le tástáil fearas tarrthála (Moladh Athbhreithnithe) (rún MSC.81(70)) i gcomhair báid tarrthála atá go hiomlán dúnta (míreanna 11.4.1 agus 11.6.1 den tuarascáil ó MSC 106 (MSC 106/19)), d'fhonn iad a ghlacadh ag MSC 107.

Le linn MSC 106, ba é seasamh an Aontais tacú leis na dréachtleasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála i gcomhair báid tarrthála atá go hiomlán dúnta agus ar an Moladh Athbhreithnithe maidir le tástáil fearas tarrthála (Moladh Athbhreithnithe) (rún MSC.81(70)) i gcomhair báid tarrthála atá go hiomlán dúnta agus an tábhacht a bhaineann le glacadh na ndréachtleasuithe i gcomhair báid tarrthála atá go hiomlán dúnta a thabhairt chun cuimhne.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin ó tharla go gcuirtear feabhas leo ar ceanglais sábháilteachta maidir le caighdeáin aerála i mbáid tarrthála atá go hiomlán dúnta.

### 3.5. Reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh agus inniúlacht an Aontais Eorpaigh

*3.5.1. Leasuithe ar chaibidil II-2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974 agus ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994) agus Cód HSC 2000*

Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha[1]. Toirmeasctar leis suiteálacha nua a úsáideann aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh.

Rialachán (AE) 1257/2013 maidir le hathchúrsáil long[2]. Sa Rialachán maidir le hAthchúrsáil Long leagtar amach roinnt ceanglas breise a théann thar na ceanglais sin a leagtar amach i gCoinbhinsiún Hong Cong, lena n-áirítear dhá Ábhar Ghuaiseacha bhreise (Aigéad Sulfónach Sárfhluarochtáin agus Heicseabrómaiciogladóideacán) sna hIarscríbhinní a ghabhann leis.

Dá bhrí sin, na leasuithe ar SOLAS, caibidil II-2, agus ar Chóid HSC 1994 agus 2000, déanfaidh siad difear do na ceanglais is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2019/1021 agus Rialachán (AE) 1257/2013.

*3.5.2. Leasuithe ar Chaibidil XIV den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, agus ar an gCód Polach*

Treoir 97/70/CE lena mbunaítear córas sábháilteachta comhchuibhithe le haghaidh soithí iascaireachta 24 mhéadar ar fhad agus níos faide[3]. In Iarscríbhinn III a ghabhann léi áirítear forálacha maidir le 'forálacha réigiúnacha an Tuaiscirt' lena leagtar amach forálacha teicniúla maidir le soithí iascaireachta a oibrítear i limistéir ina bhfuil uiscí polacha.

Treoir 2013/53/AE maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta[4]. Rialáiltear léi dearadh agus tógáil árthaí áineasa atá 2.5 méadar go 24 mhéadar ar fhad agus árthaí uisce pearsanta atá suas le 4 mhéadar ar fhad.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1157 ón gCoimisiún[5] lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2014/90/AE[6] maidir le trealamh muirí, a mhéid a bhaineann le ceanglais dearaidh, tógála agus feidhmíochta agus le caighdeáin tástála le haghaidh trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1158.

Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí[7]. Áirítear inti forálacha a bhaineann le longa a oibrítear faoi dhálaí oighir. Le hAirteagal 18 ceanglaítear ar údaráis inniúla: 1) 'faisnéis iomchuí maidir leis na dálaí oighir, na bealaí molta agus na seirbhísí briste atá oighir ina réimse inniúlachta' a sholáthar do mháistir loinge atá ina réimse inniúlachta; agus 2) a dhoiciméadú go gcomhlíonann longa na ceanglais nirt agus cumhachta a bheadh inchurtha leis an staid oighir sa limistéar lena mbaineann. Ina theannta sin, in Airteagal 6a tá ceanglais iompróra i dtaobh Córais Aitheantais Uathoibríocha (AIS) (Aicme A), lena gcumhdaítear soithí iascaireachta ar faide ná 15 m iad. Faightear an ceanglas céanna in Airteagal 10 de Rialachán 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú (an Rialachán um Rialú Iascach) agus tá feidhm aige maidir le soithí a bhfuil bratach de chuid an Aontais ar foluain orthu.

---

1 IO L 169, 25.6.2019, lch. 45.
2 IO L 330, 10.12.2013, lch. 1.
3 IO L 34, 9.2.1998, lch. 1.
4 IO L 354, 28.12.2013, lch. 90
5 IO L 180, 6.7.2022, lch. 1
6 IO L 257, 28.8.2014, lch. 146
7 IO L 208, 5.8.2002, lch. 10

Dá bhrí sin, na leasuithe ar SOLAS, caibidil XIV, agus ar an gCód Polach, déanfaidh siad difear do na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 97/70/CE, Treoir 2013/53/AE, Treoir 2014/90/AE agus Treoir 2002/59/CE.

*3.5.3. Leasuithe ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (STCW) agus ar a Chód*

I dTreoir (AE) 2022/993 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe[8] áirítear forálacha a bhaineann le deimhnithe digiteacha:

- Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 4, mír 11: 'Faoi réir Airteagal 20(7), coinneofar ar fáil ar bord na loinge ar a bhfuil an sealbhóir ag fónamh an leagan bunaidh de gach deimhniú a cheanglaítear a sholáthar leis an Treoir seo, i gcóip chrua nó i bhfoirm dhigiteach, a bhféadfar a bharántúlacht agus a bhailíocht a dheimhniú faoin nós imeachta a leagtar síos i mír 13, pointe (b), den Airteagal seo.'
- Le hAirteagal 4, mír 14, foráiltear mar a leanas: 'I gcás ina dtiocfaidh leasuithe ábhartha i bhfeidhm ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW a bhaineann le deimhnithe digiteacha do mharaithe, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 30 chun an Treoir seo a leasú trí na forálacha ábhartha uile de a ailíniú leis na leasuithe sin ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW d'fhonn deimhnithe agus formhuinithe maraithe a dhigitiú.'
- Le hAirteagal 6 (Aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit) foráiltear mar a leanas: 'Glacfaidh gach Ballstát le deimhnithe oilteachta agus le fianaise dhoiciméadach arna n-eisiúint ag Ballstát eile, nó faoina údarás, i gcóip chrua nó i bhformáid dhigiteach, chun ligean do mharaithe fónamh ar longa a bhfuil a bhratach ar foluain orthu.'

Dá bhrí sin, déanfaidh na leasuithe ar Choinbhinsiún STCW agus ar a Chód difear do na ceanglais is infheidhme faoi Threoir (AE) 2022/993.

*3.5.4. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearais Tarrthála*

Tá caighdeáin maidir le báid tarrthála agus árthaí marthanais chomh maith le Rún MSC.81(70) mar chuid den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1157 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2014/90/AE[9] maidir le trealamh muirí, a mhéid a bhaineann le ceanglais dearaidh, tógála agus feidhmíochta agus le caighdeáin tástála le haghaidh trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1158[10].

Ina theannta sin, le hAirteagal 6(2)(a)(i) de Threoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta i gcomhair longa paisinéirí[11] cuirtear SOLAS, arna leasú, i bhfeidhm maidir le long paisinéirí Aicme A, agus in Iarscríbhinn I, Caibidil III Fearais Tarrthála, leagtar síos ceanglais éagsúla agus fairsinge maidir le longa paisinéirí Aicme B, Aicme C agus Aicme D le linn dóibh a bheith i mbun turas intíre agus lena mbaineann báid tarrthála atá go hiomlán dúnta.

Dá bhrí sin, déanfaidh na leasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála difear do na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2014/90/AE agus Treoir 2009/45/CE.

---

[8] IO L 169, 27.6.2022, lch. 45
[9] IO L 257, 28.8.2014, lch. 146
[10] IO L 180, 6.7.2022, lch. 1
[11] IO L 163, 25.6.2009, lch. 1

### *3.5.5. Inniúlacht an Aontais Eorpaigh*

Dá bhrí sin, na leasuithe ar SOLAS, caibidil II-2, agus ar Chóid HSC 1994 agus 2000, dhéanfaidís difear do dhlí an Aontais, go háirithe cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1021 agus Rialachán (AE) 1257/2013.

Na leasuithe ar SOLAS, caibidil XIV, agus ar an gCód Polach, dhéanfaidís difear do dhlí an Aontais, go háirithe cur i bhfeidhm Threoir 97/70/CE, Threoir 2013/53/AE, Threoir 2014/90/AE 2020/1170 agus Threoir 2022/59/CE.

Dhéanfadh na leasuithe ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe agus a Chód difear do dhlí an Aontais, go háirithe cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2022/993.

Dhéanfadh na leasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála difear do dhlí an Aontais, go háirithe cur i bhfeidhm Threoir 2014/90/AE agus Threoir 2009/45/CE.

Dá bhrí sin, baineann ábhar na ngníomhartha atá beartaithe le réimse ina bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE.

# 4. BUNÚS DLÍ

## 4.1. Bunús dlí nós imeachta

### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[12].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[13].

### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Cuireadh Coiste Muir-Shábháilteachta IMO ar bun le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idir-rialtasach.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo iad na gníomhartha a iarrtar ar an gcoiste sin de chuid IMO a ghlacadh. D'fhéadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar a bhfuil sa reachtaíocht seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh agus go sonrach:

– Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha. Tá sé sin amhlaidh ó tharla go dtoirmeasctar leis suiteálacha nua a úsáideann aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh.

---

[12] Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

[13] Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61-64.

- Rialachán (AE) 1257/2013 maidir le hathchúrsáil long. Tá sé sin amhlaidh ó tharla go leagtar amach ann roinnt ceanglas breise, lena n-áirítear dhá Ábhar Ghuaiseacha bhreise Aigéad Sulfónach Sárfhluarochtáin agus Heicseabrómaiciogladóideacán) sna hIarscríbhinní a ghabhann leis.
- Treoir 97/70/CE lena mbunaítear córas sábháilteachta comhchuibhithe le haghaidh soithí iascaireachta 24 mhéadar ar fhad agus níos faide. Tá sé sin amhlaidh ó tharla go n-áirítear, in Iarscríbhinn III a ghabhann léi, forálacha maidir le 'forálacha réigiúnacha an Tuaiscirt' lena leagtar amach forálacha teicniúla maidir le soithí iascaireachta a oibrítear i limistéir ina bhfuil uiscí polacha.
- Treoir 2013/53/AE maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta. Tá sé sin amhlaidh ó tharla go rialáiltear léi dearadh agus tógáil árthaí áineasa atá 2.5 méadar go 24 mhéadar ar fhad agus árthaí uisce pearsanta atá suas le 4 mhéadar ar fhad.
- Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí. Tá sé sin amhlaidh ó tharla go ndéantar na ceanglais dearaidh, tógála agus feidhmíochta agus na caighdeáin tástála le haghaidh trealamh muirí a úsáidtear ar bord long a rialáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1157 ón gCoimisiún.
- Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas faireacháin agus tráchta soithí de chuid an Chomhphobail. Tá sé sin amhlaidh ó tharla go n-áirítear inti forálacha a bhaineann le longa a oibrítear faoi dhálaí oighir. Le hAirteagal 18 ceanglaítear ar údaráis inniúla: 1) 'faisnéis iomchuí maidir leis na dálaí oighir, na bealaí molta agus na seirbhísí briste atá oighir ina réimse inniúlachta' a sholáthar do mháistir loinge atá ina réimse inniúlachta; agus 2) a dhoiciméadú go gcomhlíonann longa na ceanglais nirt agus cumhachta a bheadh inchurtha leis an staid oighir sa limistéar lena mbaineann. Ina theannta sin, in Airteagal 6a tá ceanglais iompróra i dtaobh Córais Aitheantais Uathoibríocha (AIS) (Aicme A), lena gcumhdaítear soithí iascaireachta ar faide ná 15 m iad. Faightear an ceanglas céanna in Airteagal 10 de Rialachán 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú (an Rialachán um Rialú Iascach) agus tá feidhm aige maidir le soithí a bhfuil bratach de chuid an Aontais ar foluain orthu.
- Treoir (AE) 2022/993 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe. Tá sé sin amhlaidh ó tharla go n-áirítear inti roinnt forálacha a bhaineann le deimhnithe digiteacha. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 4, mír 11: 'Faoi réir Airteagal 20(7), coinneofar ar fáil ar bord na loinge ar a bhfuil an sealbhóir ag fónamh an leagan bunaidh de gach deimhniú a cheanglaítear a sholáthar leis an Treoir seo, i gcóip chrua nó i bhfoirm dhigiteach, a bhféadfar a bharántúlacht agus a bhailíocht a dheimhniú faoin nós imeachta a leagtar síos i mír 13, pointe (b), den Airteagal seo.' Le hAirteagal 4, mír 14, foráiltear mar a leanas: 'I gcás ina dtiocfaidh leasuithe ábhartha i bhfeidhm ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW a bhaineann le deimhnithe digiteacha do mharaithe, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 30 chun an Treoir seo a leasú trí na forálacha ábhartha uile de a ailíniú leis na leasuithe sin ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW d'fhonn deimhnithe agus formhuinithe maraithe a dhigitiú.' Le hAirteagal 6 (Aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit) foráiltear mar a leanas: 'Glacfaidh gach Ballstát le deimhnithe oilteachta agus le fianaise dhoiciméadach arna n-eisiúint ag Ballstát eile, nó faoina údarás, i gcóip chrua nó i bhformáid dhigiteach, chun ligean do mharaithe fónamh ar longa a bhfuil a bhratach ar foluain orthu.'

- Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí. Tá sé sin amhlaidh ó tharla go bhfuil caighdeáin maidir le báid tarrthála agus árthaí marthanais chomh maith le Rún MSC.81(70) mar chuid den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1157 ón gCoimisiún.
- Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí. Tá sé sin amhlaidh ó tharla go ndéantar le hAirteagal 6(2)(a)(i) SOLAS, arna leasú, a chur i bhfeidhm maidir le long paisinéirí Aicme A, agus in Iarscríbhinn I, Caibidil III Fearais Tarrthála, leagtar síos ceanglais éagsúla agus fairsinge maidir le longa paisinéirí Aicme B, Aicme C agus Aicme D le linn dóibh a bheith i mbun turas intíre agus lena mbaineann báid tarrthála atá go hiomlán dúnta.

Dá bhrí sin, i gcás ina nglacfar leis na leasuithe orthu seo a leanas

- Caibidil II-2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974 agus ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994) agus Cód HSC 2000
- caibidil XIV den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974, agus ar an gCód Polach
- an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (STCW) agus ar a Chód agus
- an Cód Idirnáisiúnta um Fhearais Tarrthála

d'fhéadfadh na leasuithe sin tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta AE seo a leanas, go háirithe Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha, Rialachán (AE) 1257/2013 maidir le hathchúrsáil long, Treoir 97/70/CE lena mbunaítear córas sábháilteachta comhchuibhithe le haghaidh soithí iascaireachta 24 mhéadar ar fhad agus níos faide, Treoir 2013/53/AE maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta, Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí, Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas faireacháin agus tráchta soithí de chuid an Chomhphobail, Treoir (AE) 2022/993 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe, Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí.

Na gníomhartha atá beartaithe, ní gníomhartha iad lena ndéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

#### 4.2.2. *Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an muiriompar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2023/0092 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 107ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994), ar Chód HSC 2000, ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Longa a Oibríonn in Uiscí Polacha (An Cód Polach), ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (STCW) agus ar an gCód um Fhearais Tarrthála**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ('IMO') i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

(2) Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é IMO a bhfuil freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí agus truailliú atmaisféarach ó longa a chosc. Tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de IMO. Níl an tAontas ina chomhalta de IMO.

(3) De bhun Airteagal 28(b) den Choinbhinsiún um IMO, cuireann an Coiste Muir-Shábháilteachta sásra ar fáil chun cibé dualgais a shanntar dó i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin, nó a shanntar dó le Comhthionól IMO nó le Comhairle IMO a chur i gcrích, nó aon dualgas laistigh de raon feidhme an Airteagail sin a d'fhéadfaí a shannadh dó faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a bhféadfadh IMO glacadh leis.

(4) Le linn a 107ú seisiún ón 31 Bealtaine go dtí an 9 Meitheamh 2023 tá an Coiste Muir-Shábháilteachta le leasuithe ar chaibidil II-2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974 agus ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994) agus Cód HSC 2000, ar chaibidil XIV den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974 agus ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Longa a Oibríonn in Uiscí Polacha (an Cód Polach), ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (STCW) agus a Chód, agus ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearais Tarrthála.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 107ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta a bhunú, ós rud é go bhféadfadh na leasuithe atá beartaithe ar SOLAS, Caibidil II-2, agus ar Chóid HSC 1994 agus 2000, ar chaibidil XIV de Choinbhinsiún SOLAS agus ar an gCód Polach, ar Choinbhinsiún STCW agus

a Chód, agus ar an gCód um Fhearais Tarrthála, tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, mar atá, Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha[1], Rialachán (AE) 1257/2013 maidir le hathchúrsáil long[2], Treoir 97/70/CE lena mbunaítear córas sábháilteachta comhchuibhithe le haghaidh soithí iascaireachta 24 mhéadar ar fhad agus níos faide[3], Treoir 2013/53/AE maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta[4], Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí[5], Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas faireacháin agus tráchta soithí de chuid an Chomhphobail[6], Treoir (AE) 2022/993 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe[7], Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí[8].

(6) Leis na leasuithe atá beartaithe ar SOLAS, Caibidil II-2, agus ar Chóid HSC 1994 agus 2000, cuirfear toirmeasc ar chúir comhraic dóiteáin ina bhfuil aigéad sulfónach sárfhluarochtáin a úsáid i gcomhrac dóiteáin muirí. Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin, ós rud é gur substaint é aigéad sulfónach sárfhluarochtáin atá díobhálach do shláinte an duine agus don mhuirthimpeallacht araon.

(7) Leis na leasuithe ar SOLAS, Caibidil XIV, agus ar an gCód Polach, éascófar cur i bhfeidhm éigeantach forálacha áirithe maidir le soithí iascaireachta agus déanfar éigeantach mar ghné riachtanach de phleanáil turais iad modheolaíochtaí áirithe lena gcinntear cumais oibríochta loinge faoi dhálaí oighir a dhéanamh éigeantach. Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin ó tharla go gcuirfear feabhas leo ar chaighdeáin sábháilteachta i gcomhair longa nach longa SOLAS iad agus a oibrítear in uiscí Polacha.

(8) Leis na leasuithe ar Choinbhinsiún STCW agus ar a Chód tabharfar aghaidh ar úsáid deimhnithe leictreonacha de bhun Choinbhinsiún STCW agus a Chóid. Ba cheart gurbh é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin ó tharla go n-éascófaí leo an obair a dhéanann córais riaracháin an Stáit brataí, oifigigh rialaithe Stáit ar chalafoirt agus maraithe agus go gcuirfí laghdú leis na leasuithe sin ar an ualach riaracháin a bhíonn orthu. D'fhéadfadh sé go mbeifí in ann deimhnithe calaoiseacha a shainaithint níos tapa mar gheall orthu freisin.

(9) Ar na leasuithe ar an gCód um Fhearais Tarrthála áireofar ceanglais nua maidir le haeráil ar árthaí marthanais seachas báid tarrthála atá go hiomlán dúnta. Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin ó tharla go gcuirtear feabhas leo ar ceanglais sábháilteachta maidir le caighdeáin aerála i mbáid tarrthála atá go hiomlán dúnta.

1 IO L 169, 25.6.2019, lch. 45.
2 IO L 330, 10.12.2013, lch. 1.
3 IO L 34, 9.2.1998, lch. 1.
4 IO L 354, 28.12.2013, lch. 90
5 IO L 257, 28.8.2014, lch. 146
6 IO L 208, 5.8.2002, lch. 10
7 IO L 169, 27.6.2022, lch. 45
8 IO L 163, 25.6.2009, lch. 1

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 107ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ('IMO'), is é a bheidh iontu aontú leis na leasuithe – ar chaibidil II-2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974 agus ar an gCód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais, 1994 (Cód HSC 1994) agus Cód HSC 2000, ar chaibidil XIV den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974 agus ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Longa a Oibríonn in Uiscí Polacha (an Cód Polach), ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 agus a Chód, agus ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearais Tarrthála mar a leagtar amach i Litir Chiorcláin IMO Uimh. 4658/Rev.1.

*Airteagal 2*

An Coimisiún agus Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de Choiste Muir-Shábháilteachta IMO, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*